**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0299/2023**

15.6.2023

# TOGRA LE hAGHAIDH GNÍOMH DE CHUID AN AONTAIS

arna chur síos de bhun Riail 47(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an ngá atá le reachtaíocht an Aontais a leasú chun an cás achrannach a bhaineann le feirmeacha beostoic i ndáil leis an eitinn bólachta a réiteach

**Jorge Buxadé Villalba, Hermann Tertsch, Margarita de la Pisa, Ryszard Antoni Legutko**

**B9-0299/2023**

**Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais maidir leis an ngá atá le reachtaíocht an Aontais a leasú chun an cás achrannach a bhaineann le feirmeacha beostoic i ndáil leis an eitinn bólachta a réiteach**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagal 39, d'Airteagal 168 agus d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán 2016/429 an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe'),

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe 2020/688 an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe 2020/689 an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán 2016/429 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn,

– ag féachaint do Riail 47(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go sonraítear i reachtaíocht AE nach mór spriocráta leitheadúlachta 0.2 % a bheith ag an gcríoch nó ag crios chun cáiliú mar chríoch nó crios atá saor go hoifigiúil ón eitinn, rud a chiallaíonn nach mór 99.8 % de na bunaíochtaí, arb ionann é agus 99.9 % den daonra buaibheach, a bheith saor ón eitinn agus nár cheart go mbeadh an ráta ionfhabhtaithe nua os cionn 0.1 % le trí bliana anuas;

B. de bhrí go molann an Coimisiún Eorpach 2030 mar an spriocdháta do gach Ballstát chun na spriocanna sin a bhaint amach ar fud a chríche;

C. de bhrí go bhfuil líon mór feirmeacha beostoic i roinnt mhaith Ballstát AE ina dtarlaíonn a samhail feirmeoireachta amuigh faoin aer;

D. de bhrí gur léirigh samhlacha feirmeoireachta fairsinge beostoic 'amuigh faoin aer' go bhfuil idirghníomhaíocht leanúnach ann idir eallach agus fiadhúlra a iompraíonn eitinn;

E. de bhrí go bhfuil an míceabhaictéir is cúis leis an eitinn atá in ann maireachtáil ar feadh tamall maith sa chomhshaol, agus go bhfuil an cumas sin chun maireachtáil ríthábhachtach chun tarchur indíreach agus marthanas na pataigine i dtimpeallachtaí casta a thuiscint, le go leor speiceas óstach;

F. de bhrí gur slí bheatha í feirmeoireacht fhairsing beostoic agus gur gníomhaíocht í a chabhraíonn le ceantair thuaithe a chaomhnú tríd an daonra a chothabháil, rud a

réitíonn, i bpáirt, na fadhbanna a bhaineann le bánú na limistéar tuaithe san Eoraip, ach cosúil le haon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile, gur gá di brabúsacht eacnamaíoch inbhuanaithe a dhéanamh san fhadtéarma;

G. de bhrí gur cheart go n-oibreoidh an tAontas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe na hEorpa arna fothú ar fhás eacnamaíoch cothrom, ar chobhsaíocht praghsanna agus ar gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar agus arb é is aidhm dó an lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta a bhaint amach;

H. de bhrí go gcuirtear deireadh leis na rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht bia de bharr na leasuithe atá sa ghníomh seo, agus de bhrí nach ráthaítear faoi láthair cómhaoiniú Eorpach le haghaidh feachtais um dhíothú tar éis 2023;

1. ag tabhairt dá haire nach féidir an eitinn bólachta a dhíothú, faoi na téarmaí atá leagtha síos, san áit a bhfuil forlámhas ag feirmeoireacht fhairsing beostoic;

2. á mheas gur gá dul chun cinn a dhéanamh maidir le rialú gníomhach galar d'fhonn an cuspóir chun eitinn a dhíothú i bhfeirmeoireacht bheostoic amuigh faoin aer, ionas nach gá srian a chur ar ainmhithe ná deireadh a chur leis an ngníomhaíocht;

3. á mheas go bhfuil feirmeacha fairsinge beostoic níos soghabhálaí maidir le ráigeanna nua eitinne, go háirithe i limistéir ina bhfuil taiscumair fhiáine ann, agus gur féidir leis an bhfiadhúlra gníomhú mar thaiscumar nádúrtha le haghaidh M.bovis agus a bheith ina fhoinse tarchurtha chuig eallach;

4. á chur in iúl gur oth léi, tar éis tríocha bliain de ‘chláir dhíothaithe le haghaigh eitinn’ a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha AE, go bhfuil seans níos mó ann go bhfuil na feirmeacha i mbaol trí ainmhithe frithghníomhaithe dearfacha agus amhrasacha a fhorchur ar thástáil eitinne indeirmeach ‘IDTB’ ar ghalair, lena ndeimhnítear céatadán an-íseal i scrúduithe iarbháis;

5. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil srianta curtha i bhfeidhm ar ghluaiseacht eallaigh, rud a chuireann gnólachtaí amhail díolachán stoic pórúcháin ina stad agus a dhéanann a n-inbhuanaitheacht eacnamaíoch a theorannú ar go leor feirmeacha;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur láithreach ar an reachtaíocht Eorpach lena rialaítear rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas na críche atá saor ó eitinn bólachta sna Ballstáit, rud a fhágann go mbeidh sábháilteacht bia comhoiriúnach le marthanas feirmeacha;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún caighdeánú a dhéanamh, ar leibhéal Eorpach, ar thástáil chun ionfhabhtú eitinne in ainmhithe beo a bhrath chun marú ainmhithe a sheachaint más rud é go bhfuil toradh diúltach as an anailís ar an tástáil nua;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún rialacha an Rialacháin 689/2020 a leasú lena mbaineann bac iomlán a chur ar ghnólachtaí maidir le gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin tar éis ainmhí a mharú a fuair toradh deimhneach ar thástáil imdhíoneolaíoch, trí chórais braite iarbhír agus éifeachtacha a chumasú ionas nach gcuirfear iallach ar ainmhithe a fhuadach agus a mharú nuair nach ndéanann an galar difear dóibh;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún Iarscríbhinn IV, Cuid II, Caibidil 1, Roinn 1, míreanna 1, 2

agus 3 de Rialachán Tarmligthe 2020/689 a scriosadh, maidir le tástálacha gluaiseachtaí ainmhithe neamhphórúcháin a bhfuil sé beartaithe na hainmhithe sin a mharú sa seamlas ina dhiaidh sin, ós rud é go measann sé nach bhfuil riosca don tsláinte ag baint le gluaiseacht na n-ainmhithe sin i gcás ar bith;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún an scéim chómhaoinithe maidir le cúiteamh ar mharú na n-ainmhithe a athnuachan go dtí 2030 agus í a thabhairt cothrom le dáta, chun caillteanas eallaigh a chothromú go heacnamaíoch, ionas nach gcuirfear brabúsacht feirmeacha beostoic amuigh faoin aer i mbaol;

11. á threorú dá hUachtarán an Rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, chuig an gComhairle agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.